# Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

**Ainm an táirge:** Product

**Cineál nó cineálacha táirge:**

PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

**Uimhir an údaraithe:** EU-0027735-0000

**Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3:** EU-0027735-0001

## Clár Ábhar


FAISNÉIS RIARACHÁIN 1

1.1. Trádainmneacha an táirge 1

1.2. Sealbhóir an údaraithe 1

1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha 1

1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha 1

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE 2

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh 2

2.2. Cineál foirmlithe 2

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM 2

4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE 3

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE 10

5.1. Treoracha úsáide 10

5.2. Bearta maolaithe riosca 10

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint 10

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte 10

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála 11

6. FAISNÉIS EILE 11

# FAISNÉIS RIARACHÁIN

## 1.1. Trádainmneacha an táirge

| |
|---|
| Contec HydroPure<br><br>Contec Sterile HydroPure |

## 1.2. Sealbhóir an údaraithe

| | | |
|---|---|---|
| **Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe** | Ainm | Contec Europe |
| | Seoladh | Zl Du Prat Avenue Paul Duplaix 56000 Vannes An Fhrainc |
| **Uimhir an údaraithe** | EU-0027735-0000 1-1 | |

| | |
|---|---|
| **Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3** | EU-0027735-0001 |
| **Dáta an údaraithe** | 31/07/2022 |
| **Dáta éaga an údaraithe** | 30/06/2032 |

## 1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

| | |
|---|---|
| **Ainm an déantóra** | Contec Inc., |
| **Seoladh an déantóra** | 525 Locust Grove, 29303 Spartanburg, Stáit Aontaithe Mheiriceá |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | Unit 6A, Wansbeck Business Park, Rotary Parkway, NE63 8QW Ashington, An Ríocht Aontaithe |

## 1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

| | |
|---|---|
| **Substaint ghníomhach** | 1315 - Hydrogen peroxide |
| **Ainm an déantóra** | Solvay Chemicals International |
| **Seoladh an déantóra** | Rue Ransbeek 310, 1120 Brussels, An Bheilg |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | Rue Solvay 39, B-5190 Jemeppe-sur-Sambre, An Bheilg |
| | Via Piave 6, Rosignano Solvay, I-57013 Livorno, An Iodáil |
| | Köthensche Strasse 1-3, D06406 Bernburg, An Ghearmáin |
| | Baronet Road, WA4 6HA Warrington, An Ríocht Aontaithe |
| | Yrjönojantie 2, 45910 Voikkaa, An Fhionlainn |
| | Rua Eng. Clement Dumoulin, P-2625-106 Povoa de Santa Iria, An Pholainn |

## 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

### 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh

| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| Hydrogen peroxide | | Substaint Ghníomhach | 7722-84-1 | 231-765-0 | 6,67 |

### 2.2. Cineál foirmlithe

AL - Aon leacht eile

## 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

| | |
|---|---|
| **Ráitis ghuaise** | Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. |

| | |
|---|---|
| **Ráitis réamhchúraim** | Nigh lámha go maith tar éis láimhsithe.<br><br>Caith cosaint súl / cosaint aghaidh..<br><br>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.<br><br>Má mhaireann an greannú súl:Faigh cóir leighis.<br><br>Má mhaireann an greannú súl:Faigh comhairle leighis. |

## 4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

### 4.1 Tuairisc úsáide

**ÚSÁID 1 - Úsáid #1 - Cuirtear le sprae truicir ar cheirtín oiriúnach seomra íonghlain é lena scaipeadh thar an dromchla laistigh d'aonraitheoirí agus de Chórais Bacainní um Rochtain Theoranta ('RABS')**

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | / |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: /<br><br>Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: /<br><br>Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Fungais<br>Céim na forbartha: / |
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>In aonraitheoirí agus i RABS atá suite i seomraí íonghlana: dífhabhtú dromchlaí crua/neamhphóiriúla. Ná húsáidtear i gcúram sláinte. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: An táirge a spraeáil ar cheirtín oiriúnach seomra íonghlain a úsáidtear chun an táirge a scaipeadh thar an dromchla.<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>/ |
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: /<br>Airí caolaithe: Gan chaolú - tá an táirge réidh le húsáid ('RTU')<br>Airí uainithe:<br><br>Tá an táirge réidh le húsáid gníomhach i gcoinne baictéar i 15 nóiméad agus i gcoinne giostaí agus fungas i 30 nóiméad d'am teagmhála ag teocht an tseomra (~ 20 °C).<br><br>Braitheann minicíocht an fhorchuir ar láithreán agus riachtanais an úsáideora go sonrach. |

| | |
|---|---|
| | |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Gairmiúil |
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | Buidéal poileitiléine ard-dlúis (PEAD) aon lítear atá feistithe le sprae truicir inchoigeartaithe agus séalaithe ag mála poileitiléine lasmuigh. |

### 4.1.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Spraeáil an táirge ar cheirtín seomra íonghlain laistigh den aonraitheoir nó de RABS agus úsáid é chun an táirge a chur ar an dromchla atá le dífhabhtú. Áirithigh go mbeidh sé soiléir don tsúil go bhfanfaidh an dromchla ina iomláine fliuch ar feadh na tréimhse teagmhála ar fad: 15 nóiméad i gcás baictéar agus 30 nóiméad i gcás giostaí agus fungas. Ná húsáid níos mó ná 50 ml den táirge/m². Ba cheart a áirithiú go scaipfear an táirge bithicídeach go cothrom thar an dromchla. I gcás dromchlaí ar léir iad a bheith salach, ní mór iad a ghlanadh roimh an dífhabhtú.

### 4.1.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Ná haistrigh an táirge chuig an tsúil leis an lámh.

### 4.1.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

### 4.1.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

### 4.1.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

## 4.2 Tuairisc úsáide

### ÚSÁID 2 - Úsáid #2 - Doirtear i ngabhdán é agus úsáidtear ceirtín nó mapa oiriúnach seomra íonghlain lena scaipeadh thar an dromchla laistigh d'aonraitheoirí agus RABS

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | / |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: /<br><br>Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: /<br><br>Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Fungais<br>Céim na forbartha: / |
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>In aonraitheoirí agus i RABS atá suite i seomraí íonghlana: dífhabhtú dromchlaí crua/neamhphóiriúla.<br>Ná húsáidtear i gcúram sláinte. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: An táirge a dhoirteadh i ngabhdán oiriúnach agus ceirtín nó mapa oiriúnach seomra íonghlain a úsáid ansin lena scaipeadh thar an dromchla.<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>/ |
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: /<br>Airí caolaithe: Gan chaolú - tá an táirge réidh le húsáid.<br>Airí uainithe:<br>Tá an táirge réidh le húsáid gníomhach i gcoinne baictéar i 15 nóiméad agus i gcoinne giostaí agus fungas i 30 nóiméad d'am teagmhála ag teocht an tseomra (~ 20 °C).<br>Braitheann minicíocht an fhorchuir ar láithreán agus riachtanais an úsáideora go sonrach. |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Gairmiúil |
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | Buidéal PEAD 0.5L, 1L agus 5L a bhfuil claibín air a léiríonn má sháraítear é agus atá séalaithe ag mála poileitiléine lasmuigh. |

### 4.2.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Doirt an táirge i ngabhdán oiriúnach laistigh den aonraitheoir nó de RABS agus úsáid ceirtín nó mapa seomra íonghlain chun an táirge a chur ar an dromchla atá le dífhabhtú. Áirithigh go mbeidh sé soiléir don tsúil go bhfanfaidh an dromchla ina iomláine fliuch ar feadh na tréimhse teagmhála ar fad: 15 nóiméad i gcás baictéar agus 30 nóiméad i gcás giostaí agus fungas. Ná húsáid níos mó ná

50 ml den táirge/m². Ba cheart a áirithiú go scaipfear an táirge bithicídeach go cothrom thar an dromchla. I gcás dromchlaí ar léir iad a bheith salach, ní mór iad a ghlanadh roimh an dífhabhtú.

### 4.2.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Ná haistrigh an táirge chuig an tsúil leis an lámh. .

### 4.2.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

### 4.2.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

### 4.2.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

### 4.3 Tuairisc úsáide

**ÚSÁID 3 - Úsáid #3 - Cuirtear le sprae truicir ar cheirtín oiriúnach seomra íonghlain é lena scaipeadh thar dhromchla seomraí íonghlana**

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | / |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: /<br><br>Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: /<br><br>Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Fungais<br>Céim na forbartha: / |

| | |
|---|---|
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla i seomraí íonghlana.<br>Ná húsáidtear i gcúram sláinte. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: Spraeáil an táirge ar cheirtín oiriúnach seomra íonghlain a úsáidtear chun an táirge a scaipeadh thar an dromchla.<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>/ |
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: /<br>Airí caolaithe: Gan chaolú - tá an táirge réidh le húsáid.<br>Airí uainithe:<br>Tá an táirge réidh le húsáid gníomhach i gcoinne baictéar i 15 nóiméad agus i gcoinne giostaí agus fungas i 30 nóiméad d'am teagmhála ag teocht an tseomra (~ 20 °C).<br>Braitheann minicíocht an fhorchuir ar láithreán agus riachtanais an úsáideora go sonrach. |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Gairmiúil |
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | Buidéal PEAD aon lítear atá feistithe le sprae truicir inchoigeartaithe agus séalaithe ag mála poileitiléine lasmuigh. |

### 4.3.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Spraeáil an táirge ar cheirtín seomra íonghlain agus úsáid é chun an táirge a chur ar an dromchla atá le dífhabhtú sa seomra íonghlan. Áirithigh go mbeidh sé soiléir don tsúil go bhfanfaidh an dromchla ina iomláine fliuch ar feadh na tréimhse teagmhála ar fad: 15 nóiméad i gcás baictéar agus 30 nóiméad i gcás giostaí agus fungas. Ná húsáid níos mó ná 50 ml den táirge/m². Ba cheart a áirithiú go scaipfear an táirge bithicídeach go cothrom thar an dromchla. I gcás dromchlaí ar léir iad a bheith salach, ní mór iad a ghlanadh roimh an dífhabhtú.

### 4.3.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Níl an táirge le cur ach ar dhromchlaí beaga atá le dífhabhtú.
Ní mór súilchosaint a chaitheamh agus an táirge á láimhseáil.
Chun é a úsáid i seomraí íonghlana, ní mór rialuithe teicniúla/innealtóireachta leordhóthanacha a bheith ann chun iarmhair aeriompartha a bhaint, e.g. aeráil seomra nó aeráil astaíochtaí áitiúla ('LEV). Ní mór íosráta aerála 360/uair a bheith ann le haghaidh seomraí íonghlana ina n-úsáidtear an táirge.

### 4.3.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

### 4.3.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

### 4.3.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

### 4.4 Tuairisc úsáide

**ÚSÁID 4 - Úsáid #4 - Doirtear i ngabhdán é agus úsáidtear ceirtín nó mapa oiriúnach seomra íonghlain lena scaipeadh thar dhromchla seomraí íonghlana**

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | / |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: /<br><br>Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: /<br><br>Ainm eolaíoch: /<br>Gnáthainm: Fungais<br>Céim na forbartha: / |
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>Dífhabhtú dromchlaí crua neamhphóiriúla i seomraí íonghlana.<br>Ná húsáidtear i gcúram sláinte. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: An táirge a dhoirteadh i ngabhdán oiriúnach agus ceirtín nó mapa oiriúnach seomra íonghlain a úsáid ansin lena scaipeadh thar an dromchla<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>/ |
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: /<br>Airí caolaithe: Gan chaolú - tá an táirge réidh le húsáid.<br>Airí uainithe:<br>Tá an táirge réidh le húsáid gníomhach i gcoinne baictéar i 15 nóiméad agus i gcoinne giostaí agus fungas i 30 nóiméad d'am teagmhála ag teocht an tseomra (~ 20 °C).<br>Braitheann minicíocht an fhorchuir ar láithreán agus riachtanais an úsáideora go sonrach. |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Gairmiúil |

| | |
|---|---|
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | Buidéal PEAD 0.5L, 1L agus 5L a bhfuil claibín air a léiríonn má sháraítear é agus atá séalaithe ag mála poileitiléine lasmuigh. |

### 4.4.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Doirt an táirge i ngabhdán oiriúnach agus úsáid ceirtín nó mapa seomra íonghlain chun an táirge a chur ar an dromchla atá le dífhabhtú sa seomra íonghlan. Áirithigh go mbeidh sé soiléir don tsúil go bhfanfaidh an dromchla ina iomláine fliuch ar feadh na tréimhse teagmhála ar fad: 15 nóiméad i gcás baictéar agus 30 nóiméad i gcás giostaí agus fungas. Ná húsáid níos mó ná 50 ml den táirge/m². Ba cheart a áirithiú go scaipfear an táirge bithicídeach go cothrom thar an dromchla. I gcás dromchlaí ar léir iad a bheith salach, ní mór iad a ghlanadh roimh an dífhabhtú.

### 4.4.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Ná doirtear an táirge ach amháin i seomraí aeráilte (ina bhfuil 3 cinn, ar a laghad, de mhalartuithe aeir san uair).

Ní mór súilchosaint a chaitheamh agus an táirge á láimhseáil.

Chun é a úsáid i seomraí íonghlana, ní mór rialuithe teicniúla/innealtóireachta leordhóthanacha a bheith ann chun iarmhair aeriompartha a bhaint, e.g. aeráil seomra nó LEV. Ní mór íosráta aerála 360/uair a bheith ann le haghaidh seomraí íonghlana ina n-úsáidtear an táirge.

Má dhéantar an táirge a chuimilt le dromchla, ní mór an dífhabhtú a bheith teoranta do limistéar beag.

Nuair a úsáidtear an táirge in éineacht le mapa chun urláir nó dromchlaí móra eile i seomraí íonghlana a dhífhabhtú, ní mór bearta breise maolaithe riosca a chur san áireamh:

• Ní mór don úsáideoir gairmiúil agus do gach duine eile den phearsanra atá sa seomra trealamh cosanta riospráide a úsáid a bhfuil fachtóir cosanta 10 aige. Tá gá, ar a laghad, le hanálaitheoir cumhachtaithe íonaithe aeir ag a bhfuil clogad/cochall/masc (TH1/TM1) nó leathmhasc/masc iomlán a bhfuil comhscagaire gáis/P2 aige (an cineál scagaire (cód litreach, daite) le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis faoin táirge).

• Ní mór don phearsanra ar fad an seomra a fhágáil tar éis a mhapála.

• Ní mór rialuithe teicniúla nó innealtóireachta a bheith ann chun iarmhair aeriompartha a bhaint (e.g. aeráil nó LEV) sula gceadaítear do ghairmithe dul isteach i limistéir a cóireáladh trí dhromchlaí móra a dhífhabhtú. Déan faireachán ar an tiúchan aeir agus áirithigh nach sáraítear an luach teorann (1.25 mg/m3) nuair a théann gairimithe isteach sa limistéar arís.

### 4.4.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

#### 4.4.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

#### 4.4.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach an roinn dar teideal Treoracha Ginearálta Úsáide.

## 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE

### 5.1. Treoracha úsáide

Féach na treoracha úsáidsonracha úsáide.

### 5.2. Bearta maolaithe riosca

Ní mór ceirtíní úsáidte a dhiúscairt i ngabhán dúnta.

### 5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

ÉIFEACHTAÍ DÍREACHA/INDÍREACHA
Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil. Ní heol aon ghortú sláinte eile a bheith ann ná ní mheastar go mbeidh agus gnáthúsáid á baint as.

TREORACHA GARCHABHRACH
MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.
MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal. Tabhair deoch don té a nochtadh má tá sé/sí in ann slogadh. NÁ déan urlacan a spreagadh. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.
I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Sruthlaítear an craiceann le huisce. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.
I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear le huisce iad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta. Lean den sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

BEARTA ÉIGEANDÁLA CHUN AN COMHSHAOL A CHOSAINT
Ná scaoiltear amach sa chomhshaol.

### 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Ba cheart an pacáistiú seo a dhiúscairt ar bhealach a chomhlíonann i gcónaí an reachtaíocht diúscartha dramhaíola agus aon riachtanas ó údaráis áitiúla réigiúnacha.

Ná scaoil an chuid den táirge nár úsáideadh ar an talamh, isteach i gcúrsaí uisce, i bpíopaí (sa doirteal, sna leithris...) ná i ndraenacha.

## 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Déan é a stóráil i limistéar tirim dea-aeráilte agus a chosaint ar dhamáiste agus ar sholas díreach na gréine.

Déan é a stóráil in umair stórála arna ndearadh go cuí nó sa ghabhdán bunaidh aeráilte.

Coimeád an gabhdán dúnta go teann.

Ná reoigh.

Ná stóráil ag teocht os cionn 30°C.

Seilfré: 24 mí

# 6. FAISNÉIS EILE

Ní bhaineann le hábhar.